# Duilleog



## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 10 Fómhair 2009

**Guth na Gaeltachta**

**Feachtas Gaeltachta le cur in éadan mholtaí**

**AN BORD SNIP NUA**

*F/CH An Chrannóg, Srath na Corcra, Doirí Beaga,*
*Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.*
***(074) 9532208***
***EOLAS@GUTHNAG.COM***
***WWW.GUTHNAG.COM***

**21 Meán Fómhair 2009**

**Tagairt:** Moltaí 'An Bord Snip Nua' i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta

**A chara,**

Tá mé cinnte gur chuala tú faoi na ciorruithe tromchúiseacha atá molta ag an Bhord Snip Nua don Ghaeltacht agus don Ghaeilge – ciorruithe a bheas ina mbagairt iomlán do dhúshraith na Gaeilge agus na Gaeltachta féin. Istigh leis seo, gheobhaidh tú achoimre ar na príomhphointí a bhaineann leis na ciorruithe sin ach go ginearálta is féidir a rá:

> Go bhfuil an *Bord Snip Nua* ag moladh gur chóir caiteachas poiblí a ghearradh siar cuid mhór. Má ghlactar leis na moltaí sin, beidh laghdú de thuairim is 9.4% ar chaiteachas poiblí ar fud na tíre **ACH** dá gcuirfí na moltaí ar fad a bhaineann leis an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus leis na hoileáin i bhfeidhm, b'ionann sin agus 58%! Ciallaíonn sin ísliú caiteachais de €50 milliún chuile bhliain agus síleann muid go bhfuil sin éagórach.

Tá feachtas pobail 'Guth na Gaeltachta' bunaithe againn le daoine a chur ar an eolas faoi impleachtaí na gciorruithe atá molta agus le cur ina n-éadan. Díríonn an feachtas seo go huile is go hiomlán ar chúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge. Chuige sin, beidh muid ábalta feidhmiú níos éifeachtaí. Tá chuile eolas faoin fheachtas .i. na cruinnithe go dtí seo, an lucht tacaíochta, póstaeir &rl le fáil ar an suíomh idirlín www.guthnag.com.

Go dtí seo, tá tacaíocht ag an fheachtas ó choistí pobail ar fud Ghaeltacht Thír Chonaill (féach liosta istigh leis seo) agus anois tá muid ag iarraidh é a leathnú amach go dtí coistí pobail agus eagraíochtaí Gaeilge ar fud na tíre. Iarraimid oraibh mar Choiste na ciorruithe seo a phlé agus ráiteas tacaíochta a eisiúint do na meáin nó é a chur chugainn féin. Tá fáilte romhaibh ionadaí nó ionadaithe a chur chuig cruinnithe an ghrúpa oibre. (Beidh eolas faoin chéad chruinniú eile le fáil ar www.guthnag.com). Fáiltímid fosta roimh mholtaí uaibh faoi aon chéimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh lenár míshástacht faoi na moltaí seo a chur in iúl. Ba mhór againn fosta, dá bhféadfá an achainí atá iniata a shíniú agus a sheoladh chugainn lena léiriú go bhfuil muid uilig aontaithe in aghaidh na gciorruithe seo.

Ní neart go cur le chéile.

Le meas,

Éamonn Mac Niallais,

Urlabhraí.

# GAELTACHT



## Ciorraithe 58% molta ag An Bord Snip Nua don Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

# Guth na Gaeltachta

### Feachtas Gaeltachta le cur in éadan mholtaí

# AN BORD SNIP NUA

# Na Campaí Samhraidh

**Deirí go maith leis na Campaí a bhí ar siúl ag an Chomharchumann arís i mbliana. Bhí Campa Ceoil agus Amhránaíochta sa Chrannóg agus Campa Spóirt ar siúl sa Chlubtheach i Machaire Gathlán i gcomhar le C.L.G. Ghaoth Dobhair.**

**Mhair siad uilig ar feadh 8 seachtainí ó 29/06/09—21/08/09**

**agus bhí 30 duine óg fostaithe mar cheannairí ar na Campaí.**




# Glór na nGael

Bhí lá oiliúna ar siúl ag Glór na nGael sna Forbacha i nGaillimh ar an Aoine 25 Meán Fómhair. Rinneadh plé ar an fhorbairt ar Theicneolaíocht an eolais agus ar an dóigh gur féidir le coistí úsáid a bhaint as agus a bheith páirteach ann.

I measc na gcainteoirí bhí Conchubhar Ó Liathain, Iriseoir, Daragh Ó Tuama, Oifigeach Forbartha Ghlór na nGael, Conn Ó Muineacháin, Scríbhneoir & Fiontraí, Breandán Mac Craith, Foras na Gaeilge, Seán Ó Raighne, Údarás na Gaeltachta, Eoghan Ó Neill, Nuacht 24 agus Lorcán Mac Gabhann, Ceannasaí Ghlór na nGael.

Beidh na Moltóirí do Leibhéal 4 don chomórtas i nGaoth Dobhair ar an Satharn 21 Samhain 2009

# Féile Tradisiúnta Chnoc Fola 2009



An Banna Ceoil Samba “An Bata Fada” ag seinm ag an Fhéile.



Tá na crúbóga maith!



An tAthair Donnchadh ag Aifreann na Féile



An Bronnadh—Joe Ó Briain, Anna Ní Ghallchóir, Rónán Mac Aodh Bhuí agus John Shéamuis Ó Fearraigh, Cathaoirleach na Féile



An Crann Óg i mbun ceoil i dTí Mhuiris




Subh milis agus arán ar díol

Ba é an Craoltóir Rónán Mac Aodh Bhuí ó Raidió na Gaeltachta a rinne an Fhéile a fhoscladh go hoifigiúil ag Teach Mhuiris ar an Aoine 31 Iúil. Mhol sé an pobal áitiúil as a ndílseacht don Ghaeilge agus don chultúr áitiúil agus as reáchtáil an fhéile Traidisiúnta seo achan bhliain. D’iarr sé ar na Tuismitheoirí óga an dílseacht céanna a bheith acú da dteanga agus da ndúchas tré a bheith cinnte de an Ghaeilge a thabhairt da bpáistí ón chliabhán aníos. Ba ar Anna Ní Ghallchóir as an Ghlaisigh a bronnadh Gradaim na Féile as a saothar ar mhaithe le cluichí agus imeachtaí don chlub óige. Comhghairdeas léithe. Chuir an grúpa ceoil an Crann Óg ceol breá ar fáil le linn na Féile.

# Fleadh Cheoil 2009 ar An Tulach Mhór





An Grúpa ceoil An Crann Óg ag seinm taobh amuigh den Bridge House Hotel ag Fleadh Ceoil na hÉireann ar an Tulach Mhór i mí Lúnasa. Chuir muintir an Óstáin bia agus deoch agus gach áis ar fail daofa saor in aisce i rith an deire seachtaine. Bhailigh siad €2030 do chúram ailse. Maith sibh fhéin agus Comhghairdeas libh.

## Seirbhísí tacaíochta do dhaoine atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim:

### Tuismitheoirí & Páistí:

Grúpa tuismitheoirí & tachráin sa Chrannóg gach Aoine 10.00 r.n. – 12.00 r.n.. Grúpa cuideachta Gaelach do thuismitheoirí & tachráin.

### Teaghlaigh Ghaelacha:

Ba mhaith linn grúpa de theaghlaigh Ghaelacha a bhunú sa Chrannóg go luath le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí atá ag labhairt Gaeilge lena gcuid páistí. Cuirfear ócaidí sóisialta ar súil dóibh siúd atá páirteach.

Tuilleadh eolais: Déan teagmháil le Bernie ag (074) 9560424. Ríomhphost:ptgd@vodafone.ie

### Ranganna Gaeilge /Ciorcal comhrá

Beidh ciorcal comhrá ag toiseacht sa Chrannóg ar an Chéadaoin 30 Meán Fómhair ar 7.00—8.30.


Dlúthdhioscaí/DVDanna ar fáil le cuidiú leat Gaeilge a fhoghlaim nó feabhas a chur ar do chuid Gaeilge.

Tuilleadh eolais: Déan teagmháil le Bernie ag (074) 9560424. Ríomhphost:ptgd@vodafone.ie

# An Leabhrán Eolais

Tá eagrán úr de Threoirleabhar Ghaoth Dobhair le fáil anois ón Chomharchumann sa Chrannóg.

Seo an 3ú eagrán atá curtha ar fail ón am ar seoladh an chéad eagrán le linn Oireachtas na Gaeilge 2002.




## Slán agus Fáilte

Ba mhaith le Bord Stiúrtha an Chomharchumann agus leis an fhoireann ádh mór a ghuí ar an Iar-Bhainisteoir Cúnta Pádraig Ó Domhnaill atá éirithe as a chuid oibre leis an Chomharchumann. Is caill mhór don Chomharchumann imeacht Phádraig ach guímid gach rath air ina chuid oibre féin sna blianta atá le theacht.

Lena chois sin cuirimid fáilte roimh an Bhainisteoir úr Cathal Ó Gallchóir a bheas ag cur tús lena chuid oibre linn an tseachtain seo .

# Guth na Gaeltachta

**Feachtas Gaeltachta le cur in éadan mholtaí**

**AN BORD SNIP NUA**

**f/ch An Chrannóg, Srath na Corcra, Doirí Beaga, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. (074) 9532208**

Tá muid ag lorg tacaíochta don fheachtas seo agus ba mhór againn dá bhféadfá an achainí seo a phríontáil, a shíniú agus a sheoladh ar ais chugainn.

## Achainí

Is mian linne / liom (Ainm an Choiste /Ainm an Duine) ______________________________
tacaíocht a thabhairt don achainí seo ó Ghuth na Gaeltachta:

Seoladh ______________________________

**ACHAINÍ GHUTH NA GAELTACHTA**
**Tá an *Bord Snip Nua* ag moladh gur chóir caiteachas poiblí a ghearradh siar cuid mhór. Má ghlactar leis na moltaí sin, beidh laghdú de thuairim is 10% ar chaiteachas poiblí ar fud na tíre ACH dá gcuirfí na moltaí ar fad a bhaineann leis an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus leis na hoileáin i bhfeidhm, b'ionann sin agus 58%(€50 Milliúin ar fad)!!**

**Glacann muid leis nach bhfuil an t-airgead chomh flúirseach agus a bhíodh agus go gcaithfear gearradh siar ach NÍOR chóir deireadh a chur leis na prionsabail ar throid muintir na Gaeltachta agus na Gaeilge ar a son go dícheallach. Seo a leanas achoimriú ar na prionsabail sin:**

1. **Roinn na Gaeltachta faoi cheannasaíocht an Aire a choinneáil**
2. **Cúraimí fiontraíochta Údarás na Gaeltachta a choinneáil**
3. **Oideachas Gaeltachta agus Gaeilge a chosaint**
4. **Scéimeanna forbartha teanga, cultúrtha agus ealaíne a choinneáil agus a leasú más gá**
5. **Ciste caiteachais a bheith ar fáil d'oibreacha caipitil, infreastruchtúir agus pobail i gceantair iargúlta mar an Ghaeltacht**

**Síniú:** ______________________________

**Síniú:** ______________________________

**Síniú:** ______________________________

**Dáta:** ______________________________



**Eolas@Guthnag.com**

## Scoil Cheoil na Crannóige

### Rang Giotár

Dé Luain 21ú, 28ú, Meán Fómhair,
5ú, 12ú, 19ú D. Fómhair,

5.30—6.30 ó **8 mbliana suas**

Táille—€25 don téarma

### Ranganna Mandolin & Bosca Ceoil

Dé Céadaoin 23ú 30ú, Meán Fómhair,
7ú, 14ú, 21ú, D. Fómhair

5.30 - 6.30 ó **8 mbliana suas**

Táille—€25 don téarma

### Ranganna Fídeoige & Amhránaíochta

Déardaoin 24ú, Meán Fómhair,
1ú, 8ú, 15ú 22ú, D. Fómhair

5.30 - 7.00 ó **6 bliana suas**

Táille—€20 don téarma

## Rang Céilí

Ag tosach sa Chrannóg Déardaoin 1 Deireadh Fómhair,

8.00 – 10.00.

## Rang Ealaíon

Ag tosach sa Chrannóg Déardaoin 1 Deireadh Fómhair, 8.00 – 10.00.

Tuilleadh Eolais : 074 9532208

# Cúrsaí Gaeilge 2009 - 2010

*Irish Language Courses 2009 – 2010*

**Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?**

Like to learn Irish? Get involved in the community?

**Would you like to learn or improve your Irish?**

Cuir feabhas ar do chuid Gaeilge:

**Beidh cruinniú faoi ranganna Gaeilge sa Chrannóg gan mhoill. Fáilte roimh chách**

**Tuilleadh eolais / Further information**

**An Chrannóg, Na Doirí Beaga — Fón: (074) 9560424 Ríomhphost: ptgd@eircom.net**

Gaeilge 2010 An Ghaeltacht Bheo

Teastas Eorpach na Gaeilge

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo.

Údarás na Gaeltachta